



UNIVERSITY of LIMERICK

OLLSCOIL LUIMNIGH

# SCÉIM OLLSCOIL LUIMNIGH


2006 – 2009

*Faoi Alt 11 d'Acht na  
d'Teangacha Oifigiúla 2003*

# UNIVERSITY OF LIMERICK SCHEME

2006 – 2009

*Under Section 11 of the  
Official Languages Act 2003*



Ionad Teagaisc agus Foghlama  
Centre for Teaching and Learning



Roinn na dTeangacha agus an Léinn Chultúir  
Department of Languages and Cultural Studies



Aonad na Gaeilge



An Seomra Caidrimh agus Seomraí Cruinnithe  
The Common Room and Meeting Rooms



Caifé na hAbhann agus Bialann Shruth an Mhuilinn  
River Café and Millstream Restaurant



Áras Taighde na hInnealtóireachta  
Engineering Research Building



Fáiltiú na hOllscoile  
University Reception



# CLÁR NA NÁBHAR

<b>Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra</b>	
1.1 Treoirlínte d'Ullmhú Scéime	2
1.2 Ábhar na Scéime Teanga	3
1.3 Dáta Tosaigh na Scéime	5
1.4 Forbhreathnú ar Ollscoil Luimnígh	5
1.5 Measúnú ar Mhéid na Seirbhísí atá ar Fáil trí Ghaeilge	7
<b>Caibidil 2: Soláthar Seirbhísí/Gníomhaíochtaí Ginearálta Institiúideacha</b>	
2.1 Réamhrá	9
2.2 Cumarsáid le Custaiméirí	9
<b>Caibidil 3: Achoimre ar na Seirbhísí/Gníomhaíochtaí a Chuireann Rannóga ar Fáil</b>	
3.1 Réamhrá	15
3.2 Ranna agus Oifigí a Fheidhmíonn trí Ghaeilge	15
3.3 Ranna agus Oifigí a Fheidhmíonn go Dátheangach	17
3.4 Ranna agus Oifigí a Fheidhmíonn trí Bhéarla Amháin	17
<b>Caibidil 4: Feabhsúchán ar na Seirbhísí atá le Bheith Curtha ar Fáil go Dátheangach</b>	
4.1 Réamhrá	34
4.2 Gealltanais faoin Scéim	34
4.3 Oiliúint agus Forbairt Foirne	36
4.4 Inniúlacht Ghaeilge na hOllscoile a Fheabhsú	36
<b>Caibidil 5: Monatóireacht agus Athbhreithniú ar an Scéim</b>	38
<b>Caibidil 6: An Scéim Chomhaontaithe a Phoiblíú</b>	40



## TABLE OF CONTENTS

<b>Chapter 1: Introduction and Background</b>	
1.1 Guidelines for Preparation of a Scheme	2
1.2 The Content of the Language Scheme	3
1.3 Commencement Date of Scheme	5
1.4 Overview of University of Limerick	5
1.5 Current extent of services available through Irish	7
<b>Chapter 2: Provision of General Institutional Services/Activities</b>	
2.1 Introduction	9
2.2 Communication with Customers	9
<b>Chapter 3: Summary of Services/Activities Provided by Divisions</b>	
3.1 Introduction	15
3.2 Departments and Offices Working through Irish	15
3.3 Departments and Offices Working Bilingually	17
3.4 Departments and Offices Working through English Only	17
<b>Chapter 4: Enhancement of Services to be Provided Bilingually</b>	
4.1 Introduction	34
4.2 Commitments under the Scheme	34
4.3 Training and Staff Development	36
4.4 Improving the University's Irish Language Capability	36
<b>Chapter 5: Monitoring and Revision of the Scheme</b>	38
<b>Chapter 6: Publicising the Agreed Scheme</b>	40

# CAIBIDIL 1: RÉAMHRÁ AGUS CÚLRA

Uillmhaíodh an Scéim seo faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ag Ollscoil Luimnigh. Forálann Alt 11 d'ullmhú Scéim reachtúil ag comhlachtaí poiblí a shonraíonn seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil

- trí mheán na Gaeilge;
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus na bearta atá le glacadh le cinntiú go soláthrófar seirbhís ar bith nach bhfuil le fáil trí mheán na Gaeilge laistigh de chreat ama comhaontaithe.

## 1.1 Treoirlínte d'Uillmhú Scéime

1.1.1 Forálann Alt 12 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 d'ullmhú treoirlínte ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus dá n-eisiúint do chomhlachtaí poiblí chun cabhrú le hullmhú Dréachtscéimeanna. Dréacthaíodh an Scéim seo de réir na dtreoirlínte sin.

## CHAPTER 1: INTRODUCTION AND BACKGROUND

This Scheme was prepared under *Section 11* of the Official Languages Act 2003 by the University of Limerick. *Section 11* provides for the preparation by public bodies of a statutory Scheme detailing the services they will provide through:

- the medium of Irish;
- the medium of English, and
- the medium of Irish and English

and the measures to be adopted to ensure that any service not provided through the medium of the Irish language will be so provided within an agreed time frame.

## 1.1 Guidelines for Preparation of a Scheme

1.1.1 *Section 12* of the Official Languages Act 2003 provides for the preparation of guidelines by the Minister for Community, Rural and Gaeltacht Affairs and their issue to public bodies to assist in the preparation of draft Schemes. This Scheme has been drawn up in conformity with these guidelines.



- 1.1.2 D'fhoilsigh an Ollscoil fógraí, a d'iarr aighneachtaí i dtaca le hullmhú na Dréachtscéime faoi Alt 11 ó pháirtithe leasmhara ar bith, in *The Irish Times* 1 Deireadh Fómhair 2005, *Foinse* 2 Deireadh Fómhair 2005, *Lá 29 Meán Fómhair* 2005, *Limerick Leader* 1 Deireadh Fómhair 2005, *Tipperary Star* 1 Deireadh Fómhair 2005, *Nenagh Guardian* 5 Deireadh Fómhair 2005, *Clare People* 5 Deireadh Fómhair, agus *Clare Champion* 28 Meán Fómhair 2005.
- 1.1.3 Tionóladh grúpa ionadaioch ó chontae Luimnigh, an Chláir agus Thiobrad Árann san Ollscoil ar 17 Deireadh Fómhair 2005. Ina theannta sin, rinne an Ollscoil comhchomhairliúchán leis an dámh trí ionadaithe dáimhe agus tá beartaithe comhchomhairliúchán níos leithne a dhéanamh mar chuid de chur i bhfeidhm na Scéime Teanga. Is le suirbhé a rinneadh comhchomhairliúchán leis na mic léinn. Chuaigh na haighneachtaí sin ón bpobal, ón dámh agus ón bhfoireann, ó mhic léinn, agus ó pháirtithe leasmhara eile i gcion ar Scéim Ollscoil Luimnigh.
- 1.1.4 Tá Feidhmeannas Ollscoil Luimnigh buíoch as an am agus an iarracht a chaith gach aon duine a raibh baint acu le forbairt Scéim Ollscoil Luimnigh.

## 1.2 Ábhar na Scéime Teanga

- 1.2.1 Is é Coiste na Gaeilge an buanchoiste de chuid na hOllscoile a bhfuil an cúram air an Ghaeilge a chur chun cinn san Ollscoil. Bhunaigh Coiste na Gaeilge Meitheal Oibre (An Mheitheal Oibre um Pholasáí Gaeilge) i Lúnasa 2004 agus é mar mhiontreoir shoiléir acu Scéim Teanga Ollscoil Luimnigh a forbairt. Tá ionadaíocht ó 14 réimse feidhmiúcháin laistigh den Ollscoil ar an Mheitheal Oibre rud a chinntíonn úinéireacht ar, agus tiomantas do chur i bhfeidhm na Scéime comhaontaithe. Ar théarmaí tagartha na Meitheal Oibre, tá:
- comhordú iniúchadh ar úsáid agus ar inniúlacht na Gaeilge i measc na foirne agus mac léinn ag UL agus suirbhé ar éileamh ar sheirbhísí Gaeilge ag an Ollscoil;

- 1.1.2 The University published notices, inviting representations in relation to the preparation of the Scheme under Section 11 from any interested parties, in *The Irish Times* 1 October 2005, *Foinse* 2 October 2005, *Lá 29 September* 2005, *Limerick Leader* 1 October 2005, *Tipperary Star* 1 October 2005, *Nenagh Guardian* 5 October 2005, *Clare People* 5 October 2005, and *Clare Champion* 28 September 2005.
- 1.1.3 A representative group from the counties Limerick, Clare and Tipperary was held in the University on 17 October 2005. In addition, the University has engaged in consultation with faculty through faculty representatives and intends to engage in wider consultation as part of its implementation of the Language Scheme. Consultation with students took the form of a survey. The University of Limerick Scheme has been informed by these submissions from the public, faculty and staff, students, and other stakeholders.
- 1.1.4 The Executive of the University of Limerick are grateful for the time and effort of all concerned in the development of the University of Limerick Scheme.

## 1.2 The Content of the Language Scheme

- 1.2.1 Coiste na Gaeilge is the University's standing committee charged with the promotion of Irish language in the University. Coiste na Gaeilge established a Working Group (An Mheitheal Oibre um Pholasáí Gaeilge) in August 2004 with a clear brief to develop the University of Limerick Language Scheme. The Working Group comprises representatives from 14 functional areas within the University, this ensured ownership of and commitment to the implementation of the agreed Scheme. The terms of reference of the Working Group include:
- the co-ordination of an audit of Irish language usage and competence among staff and students at UL and a survey of demand for Irish language services at the University;

- imscrúdú ar phríomhréimsí riarrachán in OL maidir le soláthar seirbhísí trí mheán na Gaeilge;
- ullmhú Dréachtscéim na hOllscoile don Roinn Gnótháí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta;
- comhordú an chur chuige do chur i bhfeidhm polasaí Gaeilge in OL, de réir tráthchlár na Roinne Gnótháí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta;
- monatóireacht ar phróiseas cur i bhfeidhm polasaí Gaeilge ag OL, agus
- athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar pholasáí agus ar chomhairle a sholáthar maidir le hathruithe, de réir mar is gá.

1.2.2 Is trí Bhéarla go príomha atá an soláthar seirbhise reatha agus is iad cuspóirí Scéim Ollscoil Luimnígh ná:

- Tógál ar thiomantas na hOllscoile do chur chun cinn na Gaeilge chomh maith le prionsabail ráthaithe caighdeáin agus feabhsúcháin ina cuid seirbhísí uile;
- Cur le líon na seirbhísí do chustaiméirí agus do chliaint a chuirtear ar fáil go dátheangach, agus
- Feabhas a chur ar inniúlacht Ghaeilge na foirne trí oiliúint a sholáthar agus breis tacaíochta d'Aonad na Gaeilge.

1.2.3 Beidh comhfhereagacht as monatóireacht agus athbhreithniú na Scéime ar bhainistíocht shinsearach na hOllscoile agus ar Choiste na Gaeilge. Beidh sé mar fhreagacht ar an Rúnaí Riarrachán, i gcomhairle le Coiste na Gaeilge, a chinntíú go bhfuil an Ollscoil in ann riachtanais na spriocanna atá leagtha amach sa Scéim a chomhlíonadh.

Déanann an Scéim tógál mar phointe tosaigh ar mhéid na seirbhísí ar atá fáil trí Ghaeilge, faoi láthair. Sainaithnítear réimsí le haghaidh forbartha sa todhchaí i gcroí na Scéime. Cuimsionn an Scéim freisin tiomantas do mheasúnú ar bhonn leanúnach ar leibhéal an éilimh ar sheirbhísí trí Ghaeilge agus do chinntíú go dtógann an Ollscoil ar a cumas chun freastal ar an éileamh sin ar bhealach pleanálte agus comhtháite. Leanfaidh an Ollscoil ag measúnú leibhéal an éilimh ar sheirbhísí i nGaeilge trí mhonatóireacht a dhéanamh ar leibhéal na bhfiosrúchán agus na n-iarratas agus trí thabhairt faoi iniúchtaí ar éileamh, ó am go ham agus úsáid á baint as ceistneoirí agus urlísí iomchuí eile.

- the investigation of key areas of administration in UL with regard to provision of services through the medium of Irish;
- the preparation of a University Scheme for the Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs;
- the co-ordination of the approach to the implementation of Irish language policy in UL, in accordance with the timetable of Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs;
- monitoring of the implementation process of Irish language policy at UL, and
- conducting of an ongoing review of policy and provision of advice on change as need arises.

1.2.2 Current service provision is largely through English and the objectives of the University of Limerick Scheme are to:

- Build on the commitment of the University to the promotion of the Irish language as well as the principles of quality assurance and improvement in all its services;
- Increase the number of services to customers and clients provided bilingually, and
- Enhance staff competency in Irish through the provision of training and increased Aonad na Gaeilge support.

1.2.3 Responsibility for monitoring and reviewing the Scheme will rest jointly with the senior management of the University and with Coiste na Gaeilge. It will be the responsibility of the Administrative Secretary, in consultation with Coiste na Gaeilge, to ensure that the University is in a position to comply effectively with the requirements of the targets set out in the Scheme.

The Scheme builds on the extent to which services are currently available through Irish as a starting base. Areas for future development are identified in the body of the Scheme. The Scheme also includes a commitment to assess on an ongoing basis the level of demand for services through Irish and to ensure that the University builds upon its capacity to meet this demand in a planned and coherent manner. The University will continue to assess the level of demand for services in the Irish language by monitoring the level of enquiries and requests and by undertaking audits of demand from time to time using questionnaires and other appropriate instruments.

## 1.3 Dáta Tosaigh na Scéime

1.3.1 Tá an Scéim seo deimhnithe ag an Aire Gnóthai Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Cuirfear túis leis an Scéim le héifeacht ón 1 Meitheamh 2006 agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana ón dáta sin, nó go dtí go mbeidh scéim nua deimhnithe ag an Aire de réir *Alt 15* den Acht, pé acu is túisce.

## 1.4 Forbhreathnú ar Ollscoil Luimnígh

1.4.1 **Misean agus Fís\***: Is ollscoil neamhspleách le fócas idirmáisiúnta í Ollscoil Luimnígh. Is é an misean atá aici ná an fhoghlaim agus an léann a chothú agus a chur chun cinn trí mheán an teagaisc, an taighde agus na scoláireachta, i dtimpeallacht a chothaíonn an nuálacht agus a chumhdaíonn prionsabail an phiosraithe agus na tuairimíochta oscailte. Tá cur i bhfeidhm an mhisin seo faoi thionchar lárnach an chreidimh san ábharthacht, agus de réir mar a thionscnaítear cláracha nua teagaisc agus taighde, tugtar aird faoi leith ar réimsí a mheastar a bheith chun leasa straitéisí eacnamaíochta agus sóisialta na hÉireann.

Tá mar fhís ag Ollscoil Luimnígh a misean a chomhlíonadh in Ollscoil:

- A thairiscionn timpeallacht oibre agus acadúil do mhic léinn, don fhoireann, agus do chompháirtithe a spreagann fiorfhás intleachtúil agus forbairt phearsanta faoi réir ag prionsabail an chothraim agus an ionracais;
- A bhuil clú den scoth uirthi ar a feabhas agus a hionracas ó thaobh múinteoirreachta, foghlama, taighde, agus scoláireachta i réimse leathan de dhisciplíní acadúla;
- Atá inchomórtais leis na hinstítiúidí acadúla is fearr ar domhan i sainréimsí taighde ar leith;
- A bhuil céimithe á soláthar aici atá fiorchumasach ina réimsí staidéir acadúil agus ar saoránaigh chruthaitheacha, uilefhoghlaetha, eiticiúla iad;

## 1.3 Commencement Date of Scheme

1.3.1 This Scheme has been confirmed by the Minister for Community, Rural & Gaeltacht Affairs. This Scheme will commence with effect from 1 June 2006 and will remain in force for a period of 3 years from this date or until a new Scheme has been confirmed by the Minister pursuant to *Section 15* of the Official Languages Act, whichever is earlier.

## 1.4 Overview of University of Limerick

1.4.1 **Mission and Vision\***: The University of Limerick (UL) is an independent, internationally focused University. Its mission is to promote and advance learning and knowledge through teaching, research, and scholarship in an environment that encourages innovation and upholds the principles of free enquiry and expression. The implementation of this mission has been constantly conditioned by the belief in relevance and, as new programmes of teaching and research are introduced, particular attention is given to those areas judged to be of strategic benefit to the economic and social development of Ireland.

The vision of the University of Limerick is to fulfil the mission in a University which:

- Offers students, staff and associates an academic and working environment that is conducive to optimal intellectual growth and personal development and which is characterised by principles of fairness, equity and integrity;
- Is renowned for the high quality and integrity of teaching, learning, research and scholarship in a broad variety of academic disciplines;
- Is competitive with the best academic institutions in the world in a few specific areas of research;
- Is characterised by graduates who are highly competent in their field(s) of academic study and are well-rounded, creative, ethical citizens;

- Atá ar thús cadhnaiochta ina cuid iarrachtaí chun teacht ar ardoideachas a chur ar fáil do ghrúpaí atá faoi mhíbhuntáiste agus ar easpa ionadáiochta;
  - Atá ina soláthraí lárnach do leas eacnamaioch, sóisialta, agus cultúrtha Luimnigh, Cheantar na Sionainne, agus na hÉireann;
  - A chothaíonn go leanúnach na tréithe a idirdhealaíonn í ó ollscoileanna eile na hÉireann, tríd an bhéim ar an bhfoghlaim eispéireasach, mar a shonraítear sa chomharoideachas agus sa dlúthcheangal comhchabhrach le hearnáil na tionsclaiochta sa teagasc agus sa taighde ar aon, agus
  - Atá tiomanta do pholasáí a bhfuil síorfheabhas ar a n-imeachtaí uile mar aidhm aici agus a sholáthraíonn áiseanna fisiciúla thar an gcoiteann do ghníomhaiochtaí acadúla, cultúrtha, agus foilliochta.
- \* Tabhair faoi deara go bhfuil na haidhmeanna thusa faoi athbhreithniú, faoi láthair, faoi phróiseas Pleanála Straitéisí OL, agus nach mbeidh na leaganacha nuashonraithe ar fáil sula n-aighnítear Scéim Teanga OL.

- 1.4.2 **Campus Fisiceach:** Tá Campus na hOllscoile, a bhfuil 324 acra ann agus abhainn mhaorga na Sionainne ina lár, suite 5 km ó Chathair Luimnigh agus 20 km ó Aerfort Idirnáisiúnta na Sionna. Díreach lena hais, tá an Pháirc Náisiúnta Teicneolaíochta (650 acra), céad pháirc eolaiochta/teicneolaíochta na hÉireann, a bhfuil 80 eagraiocht lonnaithe inti agus beagnach 4,000 duine fostaithe acu. Bíonn dlúth-idirghníomhaiocht idir an Pháirc Náisiúnta Teicneolaíochta agus OL.
- 1.4.3 **Foireann agus Seirbhísí na hOllscoile:** Fostaíonn an Ollscoil thart ar 452 d'foireann acadúil agus 562 d'foireann lár-riarachán agus tacaiochta do mhic léinn. Is í príomhobair na hOllscoile ná oideachas a sholáthar agus taighde a dhéanamh trí na ranna acadúla, na Láronaid Taighde, Oifigi Riaracháin agus Seirbhísí Tacáiochta.
- 1.4.4 **Custaiméiri agus Cliant:** I gcomhthéacs *Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003*, sonraíodh na custaiméiri agus na claint mar seo a leanas ag an Meitheal Oibre um Pholasaí Gaeilge:

- Is at the forefront of efforts to promote access to higher education for disadvantaged and under-represented groups;
  - Is a pivotal contributor to the economic, social and cultural welfare of Limerick, the Shannon Region and Ireland;
  - Continues to be distinguished from other Irish universities through emphasis on experiential learning, as exemplified by cooperative education and by the close and mutually beneficial interaction with industry in both teaching and research;
  - Is committed to a policy of continuous improvement in all of its activities and processes, and
  - Provides outstanding physical facilities for pursuit of academic, cultural and recreational activities.
- \* Please note that the above is being reviewed at present under the UL Strategic Planning process, and updated versions will not be available until after submission of UL Language Scheme.
- 1.4.2 **Physical Campus:** The University's Campus, comprising 324 acres with the river Shannon at its centre, is located 5 km from Limerick City and 20km from Shannon International Airport. Adjacent to the University is the National Technology Park, (650 acres), Ireland's first science/technology park, which is home to 80 organizations and employs almost 4,000 people. There is close interaction between the National Technology Park and UL.
- 1.4.3 **University Staff and Services:** The University employs approximately 452 academic and 562 central administrative and student support staff. The principal work of the University is to provide education and to carry out research through its academic departments, research centres, administrative offices and support services.
- 1.4.4 **Customers and Clients:** In the context of the *Official Languages Act 2003*, the customers and clients have been defined as follows by the Working Group on Irish language policy:

**Custaiméiri Inmheánacha:** mic léinn reatha, lucht dáimhe agus fairne, baill den Údarás Ceannais agus comhlachtaí gaolmhara (m.sh. Seirbhísí Beatha Campais)

**Custaiméiri Seachtracha:** mic léinn agus fostaithe atá le teacht, an pobal i gcoitinne, fostóirí comharoideachais agus soláthróirí ionaid taithí oibre, conraitheoirí agus sainchomhairleoír, scoileanna, comhpáirtithe taighde, agus comhlachtaí stáit, leathstáit agus príobháideacha.

## 1.5 Measúnú ar mhéid na seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge

- 1.5.1 Feidhmíonn Ollscoil Luimnígh go príomha trí mheán an Bhéarla. Mar sin féin, airíonn an Ollscoil a cuid dualgas i leith na Gaeilge. Tá siad sin leagtha amach in *Acht na nOllscoileanna 1997* a luann go gcaithfidh cuspóirí Ollscoile iad seo a leanas a chuimsiú: ‘cur chun cinn teangacha oifigiúla an Stáit, agus aird speisialta a thabhairt ar chaomhnú, ar chur chun cinn agus ar úsáid na Gaeilge agus ar chaomhnú, agus ar chur chun cinn chultúir dhifriúla na hÉireann’. Luann an tAcht freisin ‘agus é ag comhlíonadh a chuid feidhmeanna, go gcaithfidh údarás ceannais, nó coiste de réir mar is iomchuí, aird a thabhairt ar chur chun cinn agus ar úsáid na Gaeilge mar theanga cumarsáide



**Internal Customers:** current students, faculty and staff, Governing Authority members, and associated bodies (e.g. Campus Life Services)

**External Customers:** prospective students and employees, general public, cooperative employers and other placement providers, contractors and consultants, schools, research partners, and State, semi-state and private bodies.

## 1.5 Current extent of services available through Irish

- 1.5.1 The University of Limerick operates primarily through the medium of the English language. However, the University is committed to its duties in relation to the Irish language. These are set out in the *Universities Act 1997* which states that the objectives of a University shall include the promotion of the ‘official languages of the State, with special regard to the preservation, promotion and use of the Irish language and the preservation and promotion of the distinctive cultures of Ireland’. The Act also states that ‘in performing its functions, a governing authority, or a committee where appropriate, shall have regard to the promotion and use of the Irish language as a language of general communication

ginearálta agus saothrú na Gaeilge agus a cuid traidisiún gaolmhar liteartha agus cultúrtha a chur chun cinn'. Lena chois sin, luann *Acht Ollscoil Luimnigh (Díscaoileadh Choláiste Thuamhumhan)*, 1991 'go gcaithfidh an Ollscoil i dtaca le comhlíonadh a cuid feidhmeanna aird chuí a thabhairt ar chaomhnú, ar chur chun cinn agus ar úsáid na Gaeilge, ar chaomhnú agus ar fhorbairt an chultúir náisiúnta agus in oiliúint mhúinteoirí go gcaithfidh sí aird chuí a thabhairt do theagasc na Gaeilge'. Cheana féin cuireann an Ollscoil roinnt seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge nó go dátheangach. Cé go bhfuil dea-thoil i leith na Gaeilge agus tiomantas praiticiúil di in Ollscoil Luimnigh, feidhmionn an Ollscoil go priomha trí mheán an Bhéarla.

- 1.5.2 Rinneadh iniúchadh cuimsitheach teanga ar fhoireann OL i mí an Mheithimh 2005 chun leibhéal inniúlachta na foirne sna ranna agus rannóga éagsúla a aimsiú, agus chun leibhéal, caighdeán agus éileamh reatha ar sheirbhísí atá ar fáil i nGaeilge a mheas. Rinneadh suirbhé ar bhaill Choiste Bhainistiochta OL freisin maidir leis na seirbhísí atá ann agus an éileamh ar sheirbhísí, chomh maith le cleachtas reatha i dtaca le foilsíú doiciméad go dátheangach. Tugadh 258 freagra ar an iniúchadh foirne. De na freagraí sin, mhothaigh an chuid is mó, 23%, muiníneach go ligfeadh a gcaighdeán Gaeilge dóibh beannú do dhaoine eile i nGaeilge, braith an chéad ghrúpa eile is mó, 22%, go bhféadfaidís comhrá a dhéanamh le páistí. Mhothaigh 14% den lucht freagraithe, breis agus 12%, sách muiníneach chun notaí gearr a scriobh i nGaeilge. Ar an taobh eile den speictream, ní raibh eolas ar ná nasc ar bith ag 12% le Gaeilge, agus bhí 3% in ann tuairisc ghairmiúil a scriobh. Bhí ionadaíocht an-mhaith ann ó na ranna difriúla uathu siúd a bhí toilteanach glacadh le hoiliúint. Bhí an-éagsúlacht Cumas Teanga de réir na Roinne.

and promote the cultivation of the Irish language and its associated literary and cultural traditions'. In addition, the *University of Limerick (Dissolution of Thomond College) Act, 1991* states that 'the University, in relation to the performance of its functions shall have due regard to the preservation, promotion and use of the Irish language and to the preservation and development of the national culture and in the training of teachers it shall have due regard to the teaching of the Irish language.' The University already provides some services through Irish or bilingually. Although there is goodwill towards the Irish language and practical commitment to it in the University of Limerick, the University operates primarily through the medium of English.

- 1.5.2 A comprehensive language audit of UL staff took place in June 2005 to establish the staff competency levels in various departments and sections, and to assess the standard of, and current demand for services available in Irish. Members of UL Management Committee were also surveyed regarding existing services and demand for services together with current practice regarding bilingual publication of documents. There were 258 replies to the staff audit. Of those replies the largest section, 23%, felt confident that their standard of Irish would allow them to greet others in Irish, the next largest group, 22%, felt they could hold a conversation with children. 14% of respondents felt confident enough to write a short note in Irish. At opposite ends of the spectrum, over 12% had no knowledge or connection with Irish, while 3% could write professional reports. There was very good representation from across the different departments from those willing to take training. Language competency per department varied widely.

## CAIBIDIL 2: SOLÁTHAR SEIRBHÍSÍ/ GNÍOMHAÍOCHTAÍ GINEARÁLTA INSTITIÚIDEACHA

### 2.1 Réamhrá

Sa chaibidil seo leagtar amach córas na dteangacha oifigiúla atá i bhfeidhm ag an Ollscoil maidir lena cuid seirbhísí agus gníomhaíochtaí.

Tar éis iniúchadh dáimhe agus foirne, 2005, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil leibhéal dothaineach inniúlachta sa Ghaeilge i gcuid mhaith de Ranna Acadúla na hOllscoile chun cuid de ghnó na Roinne a dhéanamh i nGaeilge.

Tá cinneadh déanta ag an gCoiste Feidhmiúcháin Ollscoile go ndéanfaidh Aonad na Gaeilge riachtanais aistriúcháin na hOllscoile a chur amach go comhlachtaí seachtracha do thréimhse tástala, is é sin an chéad bhliain den Scéim reatha. Déanfaidh an Coiste Feidhmiúcháin athbhreithniú ar an gcinneadh seo, i ndiaidh dóibh an leibhéal éilimh don aistriúchán inmheánach agus na costais a bhaineann leis a mheas, agus déanfar socrutithe malartacha maidir le bainistiocht phróiseas aistriúcháin na hOllscoile ansin, más gá.

### 2.2 Cumarsáid le Custaiméirí

2.2.1 **Cumarsáid Ghinearálta:** Comhlíonfar na spriocanna seo a leanas faoi chríoch na Scéime reatha:

- Cinnteoidh an Ollscoil go mbeidh teachtaireachtaí glórphoist i mbÉarla agus i nGaeilge sna réimsí seo a leanas: Oifig an Uachtaráin, Oifig an Leas-Uachtaráin, (Acadúil & Cláraitheoir), Oifig an

## CHAPTER 2: PROVISION OF GENERAL INSTITUTIONAL SERVICES / ACTIVITIES

### 2.1 Introduction

This chapter sets out the official language regime operated by the University in relation to its services and activities.

Following the June 2005 audit of faculty and staff, it should be noted that staff in many of the University's academic departments have a sufficient level of competency in the Irish Language to conduct some of the business of the Department in Irish.

The Executive Committee of the University has agreed that the translation requirements of the University will be outsourced by Aonad na Gaeilge for a trial period, specified as the first year of the current Scheme. Following an assessment of the level of demand for translation internally and its associated costs, the Executive Committee will review this decision and alternative arrangements regarding the management of the UL translation process will be made if considered necessary.

### 2.2 Communication with Customers

2.2.1 **General communication:** The following objectives will be achieved by the end of the current Scheme:

- The University will ensure that voicemail messages in the following areas will be in the English and Irish languages: The President's Office, Office of Vice- President (Academic & Registrar), Office

Leas-Uachtaráin, (Riarachán & Runaí), Oifig an Uachtaráin (Airgeadas), an Oifig Iontrála, Riarachán Acadúil Mac Léinn, Rannóg na nAcmhainní Daonna, an Oifig um Shaoráil Faisnéise, an Comharoideachas agus Rannóg na nGairmeacha, Rannóg na Seirbhísí Faisnéise Leabharlainne agus an Lasc-chlár Láir;

- Cinnteoidh an Ollscoil go mbeidh ar a gcumas ag foireann an lasc-chláir beannacht agus ainm na hOllscoile a thabhairt i nGaeilge agus i mBéarla, agus go mbeidh socruthe oiriúnacha i bhfeidhm ionas go mbeidh siad in ann glaoiteoirí a chur i dteaghmháil leis an mball den fhoireann atá freagrach as an tseirbhís atá ag teastáil a chur ar fáil trí Ghaeilge, agus
- Beidh gach fógra réamhthaifeadta ó bhéal do chustaiméirí i mBéarla agus i nGaeilge.

#### 2.2.2 Cláir Acadúla: Ó thús na Scéime reatha:

- Soláthrófar an Ghaeilge go dtí leibhéal na céime sna cláracha liostaithe i 3.2 thíos;
- Déanfaidh an Ollscoil an clár *Dioplóma sa Ghaeilge: An Ghaeilge sa Saol Comhaimseartha* a thairiscint. Cuimsíonn sé sin ceithre mhodúl oiliúna atá ceaptha chun riachtanais Acht na dTeangacha Oifigiúla do chomhlachtaí poiblí a chomhlíonadh, atá le fáil ar bhonn for-rochtana agus in-naisc;



of Vice President (Administration & Secretary), Office of Vice-President (Finance), Admissions Office, Student Academic Administration, Human Resources Division, Freedom of Information Office, Cooperative Education & Careers Division, Library Information Services Division, and Central Switchboard;

- The University will ensure that switchboard staff will be able to give a greeting and the name of the University in Irish and English, and suitable arrangements will be in place so that they can put callers in touch with the staff member responsible for offering the service required through Irish, and
- All pre-recorded oral announcements to customers will be in the English and Irish languages.

#### 2.2.2 Academic Programmes: From the commencement of the Scheme:

- Irish will be offered to degree level in the programmes listed in 3.2 below;
- The University will offer the *Dioplóma sa Ghaeilge: An Ghaeilge sa Saol Comhaimseartha* programme. This includes four training modules designed to meet the requirements of the Official Languages Act for public bodies which are available on an outreach and link-in basis;

- Déanfaidh Roinn na Riomheolaíochta agus na gCóras Faisnéise, OL an clár An Teastas sa Scríobh Ilmheán a thairiscint;
- Déanfaidh an Ollscoil modúl roghnach, *An Ghaeilge Ghairmiúil*, a thairiscint do mhic léinn bliain a trí den Choláiste Oideachais;
- Déanfaidh an Ollscoil modúil GA4161 *An Ghaeilge Fheidhmeach do Cheoltóirí agus Rinceoirí 1*, GA4162 *An Ghaeilge Fheidhmeach do Cheoltóirí agus Rinceoirí 2*, GA4173 *An Ghaeilge Fheidhmeach do Cheoltóirí agus Rinceoirí 3* a thairiscint do mhic léinn an BA sa Cheol agus sa Rince Traidisiúnta;
- Beidh MA sa *tSochtheangeolaíocht* á thairiscint ag Roinn na dTeangacha agus an Léinn Chultúir, agus
- Déanfaidh an Ollscoil, i gcomhar le hinstiúidi tríú leibhéal eile, agus trí Choiste na nOifigeach agus na Stiúrthóirí Gaeilge Ollscoile, ach go háirithe, fiosrú féachaint an féidir cúrsai tríú leibhéal eile a chur ar fáil i nGaeilge.



- The Department of Computer Science and Information Systems at UL will offer *An Teastas sa Scríobh Ilmheán* programme;
- The University will offer an optional module *An Ghaeilge Ghairmiúil* for year three College of Education students;
- The University will offer modules GA4161 *An Ghaeilge Fheidhmeach do Cheoltóirí agus do Rinceoirí 1*, GA4162 *An Ghaeilge Fheidhmeach do Cheoltóirí agus do Rinceoirí 2*, GA4173 *An Ghaeilge Fheidhmeach do Cheoltóirí agus do Rinceoirí 3* to students on the BA in Traditional Music and Dance;
- The Department of Languages and Cultural Studies will offer the *MA sa tSochtheangeolaíocht* Programme, and
- The University will, in collaboration with other third level institutions and through the Committee of University Irish Officers and Directors, in particular, investigate the possibility of providing other third level courses through Irish.

### 2.2.3 An Scéim Chónaithe

Leanfar de Scéim Chónaithe OL, faoi réir ag maoiniú a bheith ar fáil go leanúnach. Déanfar scoláireachtaí a thairiscint do mhic léinn le cumas/garchumas cainteora dúchais i nGaeilge ar mhian leo cónai ag Teach na Gaeilge. Déanfaidh Seirbhísí Campais Phleasaí an deis a thairiscint do gach iarratasóir ar lóistín ar champas, lóistín atá in áirithe do chainteoirí Gaeilge a roghnú.

### 2.2.4 Foileacháin, bróisiúir, foirmeacha, bileoga faisnéise

Ó thús na Scéime, foilseoidh an Ollscoil go dáttheangach gach Reacht, Polasaí agus Gnáthamh a fhaofar as an nua ag Údarás Ceannais na hOllscoile.

Ó thús na Scéime, foilseoidh an Ollscoil na bileoga, bróisiúir agus faisnéis seo a leanas go dáttheangach:

- Prófil OL: Firici agus Figiúiri (athbhreithnithe go bliantúil);
- Achoimre: Cláir Lánaimseartha Bunchéimeanna Onóracha agus Riachtanais Iontrála (athbhreithnithe go bliantúil), agus
- Codanna de Leabhrán Bronnta Céime OL.

Faoi chríoch na Scéime reatha, foilseofar foirmeacha iarratais, rollaithe, cláraithe, agus tithiocht ar champas do mhic léinn go dáttheangach. Beidh foirmeacha iarratais ar fhostaíocht dáttheangach freisin. Tiomnaíonn an Ollscoil í féin d'aistriú céimníteach a dhéanamh ar fhoirmeacha páipéir ar an gcéad dul síos. Tabharfar túis áite d'fhoirmeacha páipéir réamh-phriontálle le haghaidh aistriúcháin agus tabharfar aghaidh ina dhiaidh sin ar phacáiste bogearraí ríomhaire le haghaidh foirmeacha leictreonacha. Mar ghnás, soláthrófar foirmeacha dáttheangacha san athdheارadh d'fhoirmeacha atá ann cheana féin. Déanfaidh an Mheitheal Oibre cinneadh maidir le leagan amach na bhfoirmeacha dáttheangacha.

Eiseofar 10% de phraiseisiúintí ábhartha maidir le gnó na hOllscoile i gcoitinne i rith na chéad bhliana den Scéim. Tiomnaíonn an Ollscoil í féin do 25% de phraiseisiúintí a chur i gcló go dáttheangach faoi chríoch na Scéime reatha.

### 2.2.3 Irish Language Residence Scheme / An Scéim Chónaithe

The UL Scéim Chónaithe will be continued, subject to the ongoing availability of HEA funding. Scholarships will be offered to students with a native / near native ability in Irish who wish to reside at Teach na Gaeilge. Passey Campus Services will also offer every applicant for on-campus accommodation the option of choosing accommodation reserved for Irish speakers.

### 2.2.4 Publications, brochures, forms, information leaflets

From the commencement of the Scheme, the University will publish all newly approved Statutes, Policies and Procedures approved by the University's Governing Authority bilingually.

From the commencement of the Scheme, the University will publish the following leaflets, brochures and information bilingually:

- UL Profile: Facts and Figures (revised annually);
- Summary: Full-Time Honours Primary Degree Programmes and Admissions Requirements (revised annually), and
- Sections of the UL Conferring Booklet.

By the end of the current Scheme, all student application, enrolment, registration, and on-campus housing forms will be available bilingually. Employment application forms will also be bilingual. The University commits to the progressive translation of paper forms in the first instance. Pre-printed paper forms will be prioritised for translation, with computer software packages for electronic forms being dealt with subsequently. As a norm, bilingual forms will be made in the redesign of existing forms. An Mheitheal Oibre um Pholasáí Gaeilge will decide on the layout of the bilingual forms.

10 per cent of press releases regarding general University business will be issued bilingually in the first year. The University is committed to publishing 25 per cent of press releases bilingually by the end of the current Scheme.

## 2.2.5 Suíomh Gréasáin

Tá an rannán Rannóg na Gaeilge de shuíomh gréasáin na hOllscoile ar fáil i nGaeilge amháin, faoi láthair agus tá suíomh gréasáin Aonad na Gaeilge dátheangach. Sonraíonn suíomh gréasáin Aonad na Gaeilge ról an Aonaid agus ról Stiúrthóir na Gaeilge.

Tabharfar an fhaisnéis ghinearálta seo a leanas ar shuíomh gréasáin na hOllscoile sa dá theanga le linn na chéad bhliana den Scéim: leathanaigh bharrleibhéal de shuíomh gréasáin na hOllscoile, Stair agus Próifil na hOllscoile, leathanach baile Saorála Faisnéise, agus leathanach baile na hOifige Lóistín.

Tabharfar an fhaisnéis seo a leanas ar shuíomh gréasáin na hOllscoile i mBéarla amháin:

- Faisnéis dirithe ar an bpobal idirnáisiúnta;
- Sainfhaisnéis teicniúil;
- Cláracha léinn ar líne (seachas cláracha Gaeilge má fhobraithear iad);
- Faisnéis faoi chláracha atá ann cheana féin nó faoi chláracha nua. (Seachas cláracha a sholáthraítear trí Ghaeilge).

Tabharfar aon seirbhís idirghníomhacha nua isteach go comhuaineach sa dá theanga lastigh de thréimhse na Scéime seo. Déanfar rogha na Gaeilge a chur leis na seirbhísí idirghníomhacha atá ar fáil i mBéarla amháin, má dhéantar uasghrádú orthu sa tréimhse chéanna.

## 2.2.6 Teicneolaíocht Faisnéise

